An Leabhar Eoghanach

An Abridged Edition in Modern Irish

Dr Malachy Ó Néill, University of Ulster

An Leabhar Eoghanach or 'The Book of the Descendants of Eoghan' is a genealogy of the leaders of the Northern Uí Néill from Eochaidh Muighmheadhóin (+365) until the time of the Aodh 'The Great' Ó Néill (+1616). Produced at the end of the Classical Irish period the language of the text presents a challenge even to the competent reader of Modern Irish. This article provides an edition of the text in modern Irish spelling, therefore enabling a new generation of readers and historians to engage fully with the magical imagery and unique telling of the Ó Néill story to be found in this wonderful document.

It was in Gortagharn, Co. Antrim, that Ruaidhrí Ó hUiginn, a scribe from Termon in Co. Mayo, produced the manuscript of *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* in 1680. It is, however, to be noted that the introduction to *An Leabhar Eoghanach* indicates that this specific text was initiated some hundred years prior to this date, at a time when Ruaidhrí Ó Catháin had been ordained as Prince of Ciannachta [Keenaght] in 1577 (*ARÉ* 1580) agus before the death of Seán Mac Uilliam Búrc in 1580 (*ARÉ* 1580). Both rulers are mentioned in the long litany of current chieftains and lords provided in the foreword to *An Leabhar Eoghanach*.

This genealogical tract also indentifies Toirrdhealbhach Luineach Ó Néill (+1595) as its chief commissioner and it appears that Toirrdhealbhach, a descendant of Sliocht Airt Óig (Strabane) was indeed the patron of the initial work in the 1577-80 period. By 1680, however, Ruaidhrí Ó hUiginn was actually employed by Cormac Ó Néill (+1706) of Edenduffcarrick, Co. Antrim, when he completed the manuscript which is extant. The text is now preserved in the Royal Irish Academy, Dublin, (RIA 24 P 33) and may be accessed online via Irish Script On Screen: www.isos.dias.ie. Professor Tadhg Ó Donnchadha (.i. 'Tórna') published an edition of *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* in 1931 and this important document has not appeared in print since. An English translation of this abridged edition will be published for the first time in the next volume of this journal.

Forty-seven chieftains in total are described in the text and a translation of the prose is available below. The majority of the entries also include a few verses of poetry which substantiate the deeds of valour described in the prose. The poetry is not included in the current edition but will be included in future publications. Although the language of the text is modernised in this edition, original names of persons and places are true to the manuscript form. Dates are referred to sparsely in the text, therefore dates given here in parenthesis are based on analysis of *Annála Ríogachta Éireann* and *Annála Uladh*.

An Leabhar Eoghanach was the focus of my doctoral research, completed under the supervision of Dr Diarmaid Ó Doibhlin and Dr Art Hughes, University of Ulster (2007), and the thesis is available in the library of the Coleraine Campus.

Dublin, Royal Irish Academy, MS. 24 P 33, p. 101

Aeda leabhar eoccaimc
tiriocus ar rein riocch sle
afa. eogan mic Neill noi giallaigh

Cuccerr mac brocur rucc eoch
muidmeadoin .i. brian 7 oilill flaithi 7 peargus ceithe ri
Muimcinne .i. o proin. Camlin cat tuli 7 iuco Saran matain i
noi giallaibh 7 ba he Niall dub oite ar roi riar don cloinn pin 7 no sab
pne an roi nz nomad ghrian mosgnu 7 nigoidecad muingrine iarge an
piodh do Niall noigiallach ar cuige naing inne 7 arcplantear ar heirind
Cloinne. 7 ar dul eascain nozon nu. 1 curgsa mc sirz erinn do gluaiscc
pesmuiro do reilg 7 diadaid 7 cosnuma an cuicc do muinb daib 7 gan bo
it polusa do dnam anoidce pn acaz pon pinntain na pagla deirid eirn da
albain. Ar eccnelm an pilusa doib do cuaid clan Muingrine diam uisge and
do zab colzgac iocan iad. .i. brian 7 oilill 7 fiacra 7 flaitzer 7 ruaidri co
bun pionalain ps briotb 7 eneosz risb gionacrisnina az comlo an tobain
7 do naid nad ctuibi an cuisge ar don ci do blsiad poz di 7 do lurgsad
ina. Do cellsb 7 clan Muincrine nad bruaidrin an cuisge ar eaclai
ignaid. Ar ann sain rainic Niall dionss an tobain 7 do cuaid angnad an
ar 7 do riad poz don ci. Tainic dealb 7 olsicnid cuice gun do romb ne gr
uaicneam gnetre no re conca in laz in las gac ball gac alt 7 gac mecc di
b do nard ne Niall. ar nis fluchi na nioz ol n 7 cumgsion uige loi go noroc
poi cloinn Muingrine alos an uisge 7 b eu bur nis de. Sar sin tainic Niall
no cum na prombaide anbuaidre ambaoin abnaidre 7 a cuid lan oss
leis 7 do naisi nise loi go noroc 7 torac labuirta arteamh pa cel
Muingrine alos anuisge 7 do proindaoin pn uile do Niall. Nanecdaoin
go tsnis iar sin. 7 do nard Niall noi giall pnis. Is andocerd 7 alaeb
caitchi an doman uile ar ro, Donad ambaro pn do fedh niall noi gia
llaé nuce 7 oineacuir brisin pna clann Muingrine 7 do cainmsin
an beanoin uige nesnion do cloinn Neill noi giall a nead bis muinn
alga. Do zab Niall iarsin nise go noinsiumn iarumbar each muid
meadoin 7 do nad tuaiscirt 7 tonlacad do tuath 7 do tormuiogh
na hesnion 7 are do nad .x. c. eac 7 cuig. c. lunneac 7 aeaé 7 daim pen
tuaiscirt do Conc mc lurgeac mc oisil flaithis mc prach muillea
din mc eogh mhoin mc oilill olum amail ar bsic tonna eccls an naim
eic. c eac cuig. c. lunneac. cuig Niall do Conc mc lurgeac. 7 ix briot
ail oin. 7 croga conn comail. 7 napstuice 7 inis; briacon 7 go muin
a zab Niall noi giall iar sin cois geill einnin 7 geill alban 7 saran 7

1. Eochaidh Muighmheadhóin (+365)

Cúigear mac a bhí ag Eochaidh Muighmheadóin: Brian, Oilill, Fiachra agus Fearghus; ceithre mhac le Muingfhinn iníon Fiodhaigh.

Caireann Chasdhubh, iníon Rí Shacsanach, máthair Néill Naoighiallaigh. Niall ab óige ar aoi aoise den chlann sin agus ba shine ar aoi gníomhartha, agus cé gur mhór mioscais agus mídhúthracht Mhuingfhinne do Niall Naoighiallach, is chuige a tháinig inmhe agus ardfhlaitheas ar bhéala a clainne. Is amhlaidh a tharla, .i. cúig mhac Rí Éireann a ghluais ó Theamhair ag seilg agus ag fiach agus torc Ráth an Chraoi a mharú acu agus fianbhoth fhulachta a dhéanamh an oíche sin acu ag Fionnsruthán na Faghla i gcrích idir dhá abhainn.

2. Niall Naoighiallach (+405)

Ar chaitheamh an fhulachta dóibh, chuaigh clann Mhuingfhinne a iarraidh uisce nuair a ghabh aolscoth íota iad, .i. Brian, Oilill, Fiachra agus Fearghus, agus fuair siad tobar fíorálainn san fhíobha, agus éagasc searbhghlórach seanmhná ag coimhéad an tobair. Dúirt sí nach dtabharfadh sí an t-uisce ach don té a thabharfadh póg di agus a luífeadh léi.

Cheil clann Mhuingfhinne, iomorra, nach bhfuair siad an t-uisce ar eagla an arrachta. Is ansin tháinig Niall a ionsaí an tobair agus chuaigh i ngnás an arrachta agus thug póg di. Tháinig dealbh agus dearscnacht uirthi gur cosúil le gríostaitneamh gréine nó le corcairliag ar lasadh gach ball, gach alt agus gach áighe di, agus dúirt le Niall:

> "Is mise flaitheas na rí; agus coinnigh ríghe lá go hoíche ar chlann Mhuingfhinne ar luach an uisce, agus ba tú fós rí de."

Iar sin tháinig Niall chun na fíanbhotha ina raibh a bhráithre agus a chuach lán d'uisce leis, agus nasc ríghe lá go hoíche agus tosach labhartha i dTeamhair ar chlann Mhuingfhinne ar luach an uisce. D'fhaomh siadsan uile do Niall. Tháinig siad go Teamhair iar sin, agus dúirt Niall Naoighiallach leo:

"Is in oícheanta agus i laethanta a chaitear an domhan uile," ar sé.

Gonadh amhlaidh sin scar Niall Naoighiallach ríghe agus oireachas Éireann le clann Mhuingfhinne, agus thairngir an bhean sin Ríghe Éireann do chlann Néill Naoighiallaigh oiread a bheas muir um Ealga.

Ghabh Niall iar sin ríghe go róneartmhar iar mbás Eochadha Mhuighmheadhóin agus thug tuarustal agus tíolacadh do thuataí agus do throimríthe na hÉireann, agus is é a thug deich gcéad each agus cúig chéad lúireach agus a each agus a earra féin i dtuarastal do Chorc mac Luighdhigh mhic Oiliolla Fhlainnbhig mhic Fhiachaidh Mhuilleathain mhic Eoghain Mhóir mhic Oiliolla Óluim.

Ghabh Niall Naoighiallaigh iar sin cúig ghiall Éireann, agus gialla na hAlban, na Sacsaine, na Fraince agus na Breataine, agus thug leis go Muir nIocht iad gur mharaigh Eochaidh mac Éanna Gheanntsalaigh é le saighead fhaobhraithe thar aill mhara os bruach Mhuir nIocht arna ionnarbadh do Niall féin roimhe sin ó Éirinn iar mharú an fhile leis, .i. Laighdheann mac Bhaircheadha.

Briseadh, iomorra, seacht gcath le corp Néill Naoighiallaigh a thabhairt ó Mhuir nIocht go hÉirinn.

Thug a mhuintir corp Néill leo go hOchainn Mhidhe dá adhlacadh. Gonadh ó na hochláin a rinne fir Éireann um Niall Naoighiallach a tugadh an t-ainm sin uirthi. Chaith Naoighiallach seacht mbliana fichead i Ríghe Éireann agus in ardcheannas iarthar na hEorpa.

Niall Naoighiallach, ceithre mhac déag leis, .i. Eoghan, Conall Earrbreadh, Cairbre, Conall Gulban, Laoghaire, Fiacha, Maine, Eochaidh, Éanna agus Aonghas Uilldearg, Fearghus Andoid, Fearghus Madlorg, Triana Uaithghean agus Caol Dubh. Ochtar mac aireaghdha don chlann sin iad óir ghin siad: Conall Gulban óna bhfuil Cinéal Conaill; Conall Earrbhreadh óna bhfuil Clann Colmáin agus Síol Aodha Sláine; Fiachadh óna bhfuil Mac Eochagáin agus Muintir Luinín; Maine óna bhfuil Fir Teabhtha; Laoghaire óna bhfuil Cinéal Laoghaire; Cairbre óna bhfuil Cinéal Cairbre agus Íbh Fhlannagáin Tuaithe Rátha; Éanna óna bhfuil Cinéal Éanna; Eoghan óna bhfuil Cinéal Eoghain.

3. Eoghan (+465)

Is é, iomorra, an tEoghan sin mac Néill a baisteadh le Pádraig mac Calprainn, athair baiste agus creidimh agus crábhaidh d'fhir Éireann. Is é an Pádraig sin a d'fháig na fágála ar Eoghan agus ar a chlann ina dhiaidh: nuair a d'éireodh neach díobh as a iomdha nó as a ardleaba go mbeadh fir Éireann ar crith agus ar cumhscú roimhe, agus spraic a chlainne ar gach cúige in Éirinn agus gan spraic aonchúige orthu, ach go ndéanfaidís réir Phádraig, agus thug Pádraig beannacht ghaiscígh ar Eoghan mac Néill.

Is é an tEoghan sin a bhris cath Átha Cró (lena ráitear Áth Seanaigh an t-am seo), áit inar thit Cis agus Cana agus Seanach, trí Rí Uladh agus inar cuireadh deargár ar a muintir; adhlacadh Seanach i ndoras an átha agus Cis i Sídh Chisi agus Cana i gCarn Chana agus i sosadh mhullach na síthe, i Sídh Aodha Easa Ruaidh.

Tháinig Conall agus a bhráithre le hEoghan in iarmhóracht Uladh nó gur tháinig siad go Cruachan, go Leitir Mharga, go Tráigh Thuillsge agus go Ros nGlanghlaise agus tharla Ulaidh ann rompu agus fearadh cath amhnas éadrócaireach eatarthu agus thit Dubhruire mac Cana sa chath sin. Gonadh uaidh a ainmnítear an fearann sin Dubhrur inniu. Thit céad curadh sa chath sin maille leis.

Iar sin chuaigh Eoghan lena bhráithe i ndiaidh Uladh go Duibhghleann Seicheadh (lena ráitear Gleann fíorálainn Finne an t-am seo) agus go Bealach nGola (lena ráitear Bearnas Mór inniu), .i. Gola mac Deaghaidh a thit ann, a tháinig le Caoimhghin Congainchneasach de Chonnachta de chúnamh leis. Thug Ulaidh cath Bhearnais do chlann Rí Éireann ansin agus briseadh ar Ulaidh an cath sin, agus maraíodh Muircheartach mórbhuilleach, mac Rí Uladh, ann le láimh éachtach ilbhuach Eoghain mhic Néill agus trí chéad d'fhíor-Ulaidh maille leis.

Theith Ulaidh iar sin go Gairbhthrian Chlainne Fómhair mhic Airgeadmhair, agus lean siad clann Rí Éireann go Mucromha agus go Gabhalghleann agus go Sliabh gCuaire, nó gur tháinig siad go Cuan Glaisi agus chonaic siad na cathanna coimhlinte ar a gceann ar an leath eile den abhainn. Is iad a bhí ansin Dubhruis agus Cana Óg mac Cana agus nuair a chonaic Eoghan iad thug sé sitheadh santach seabhacúil de shá agus ghabh ag laoidheadh a laochra agus ag moladh a mhílí, agus ag brostadh a bhráithre um chalma a dhéanamh.

Is ansin chrom Ulaidh faoin chathghleo le bráithre urmhaisneacha Eoghain mhic Néill. Rug siad bearna céad sa chath agus in urchomhair a n-aghaidheanna, agus briseadh an cathiorghal sin ar chlanna radta Rughraidhe agus cuireadh a ndeargár ann. Thit comhalta Chonaill Ghulban ann, .i. Eoghan mac Mhuireadhaigh.

Ghabh Conall ag tuirse agus ag tromdhoghra os cionn a chomhalta agus dúirt draoi Chonaill, eadhon Laidhgeann mac Bhaircheadha: "Ba é ainm an chnoic seo go bráth Doghra."

D'adhlaic clann Néill a n-easpaí ansin, agus lean siad Ulaidh thar Gholl agus Iorgholl agus thar chrích chlann Rosa agus thar chrích Ua nDuach agus thar Chaimfhearsaid agus Ard Murchaidh go Rosach Mór agus thar cheann Loch Mhuighe go Loch Feabhail agus fuair siad ansin Guaire agus Fraoch, .i. dhá mhac Rí Uladh agus deich gcéad laoch ina bhfochair.

Thug siad cath Loch Feabhail ansin, áit inar thit Fraoch agus Guaire agus dhá mhac Rí Uladh agus thit Boghaine mac Néill Naoighiallaigh i bhfrithghoin an chatha sin ó chlanna Néill, .i. an cúigiú mac déag do Niall; Aibhionn iníon Luidhghigh mhic Oiliolla Fhlainnbhig, .i. Rí Mumhan, máthair an Bhoghaine sin.

Iar sin, argadh dún Eoghain Éachtaigh mhic Iolairchéadaigh leo, agus thit sé féin i gceart chomhlann le hEoghan mac Néill. Rug Éanna mac Néill Uichtghil iníon Mhuircheartaigh (.i. bean Eoghain mhic Iolairchéadaigh) leis agus rug sí triúr mac dó, .i. Dubhán, Bréanoinn agus Lughaidh.

Iomthúsa Eoghain mhic Néill agus a bhráithre, iar n-argain dhúin Eoghain dóibh, tháinig siad go Sruibh Brain, áit a raibh Dianghus mac Luidhghigh de chlann Eochaidh Ghunnfhada agus Mál Mílidh agus Eochaidh Éachtach de Dháil bhFiatach, agus dúirt siad nach dtabharfaidís gialla ná umhail do chlann Rí Éireann. Dúirt Eoghan mac Néill gurbh fhearr leis cath ná gialla.

Fearadh cath Sruibhe Brain ansin eatarthu, agus ní minic a fuarthas clann Néill teannta mar an tromghleo sin, uair a créachtaíodh na curaidh sa chathghleo sin, .i. Eoghan, Cairbre agus Conall, agus sraonadh an cath ar Dháil bhFiatach, agus maraíodh Dianghus agus Eochaidh Éachtach agus Mál Mílidh ann.

Lean clann Néill Ulaidh ansin agus thug siad a ndeas le tír agus a gclé le muir agus go Druim Fachtghair agus go hUisce Chaoin agus go Snámh Tairptheara agus go Druim Lighean agus go Cnoc mBoghuine (lena ráitear Cruachan Droma Lighean).

Is ansin a bhí Ceallach agus Duach Fionn agus Séadna de Mhonchoibh Uladh, .i. clann Dháire Barraigh mhic Chathaoir Mhóir. Fearadh cath Cruachain eatarthu ansin agus tochraíodh Ceallach agus Duach Fionn agus Séadna sa chath sin agus trí chéad dá muintir. Ní raibh Conall i bhfarradh Eoghain sa chath sin Cruachain, ach bhí ina otharluí d'aithle Chath Sruibhe Brain agus ní raibh acmhainn na Monach ón chath sin fós.

Fógraíodh cath le hEoghan agus a bhráithre ar chlanna na gColla i mullach Shliabh Toadh, lena ráitear Sliabh Truim an t-am seo, agus bhí na cathanna ceachtartha ag tuargain agus ag tréanleadradh araile ó mhaidin go meán lae. Nuair a mhothaigh Eoghan mac Néill cathú crualáidir agus seasamh síordhéinmheach chlann na gColla ina cheartaghaidh agus ghabh mire meanman agus airde aigeanta é, agus ba ghlam fhearchon dá iall agus ba shlogadh leiviatan ar lániascach gach cromruathar curadh a tugadh faoin chath.

Sraonadh an cath ansin ar chlann na gColla agus ar Dháil nAraidhe agus leanadh iad go hArd na nDruadh (lena ráitear Dún Geanainn) agus go hArd Saileach (lena ráitear Ard

Mhacha). Rinne siad creacha agus áir agus argain agus éadála móra ar chlann na gColla in Íbh Nialláin agus in Íbh Bhreasail agus ar Ghleann Ríghe agus um Loch nEachach agus ghabh siad longphort in Aonach Macha.

Rinne siad síth le clanna na gColla iar sin agus shuigh Eoghan mac Néill in Aileach ina rílongphort féin óir ba dhúiche dhílis dó ó Ghlais tSeancha go Sruibh Brain agus de réir na n-údar, níorbh ionadh ardphort Ailigh ag Eoghan ar a uaisle seach cách.

Is í iomorra oighidh Eoghain amhail a insíonn na heolaithe, .i. bás a fháil de chumha Chonaill mhic Néill óir ba hionann máthair dóibh araon, .i. Inneach, iníon Luidhghigh mhic Aonghusa Fhinn mhic Fhearghusa Duibhéadaigh, .i. iníon Rí Uladh, a máthair dhíbhlíonach.

Ba í aois an Tiarna an t-am sin teasta Eoghan mac Néill, .i. 65 bliain agus ceithre chéad. An tEoghan sin mac Néill a dúirt muid romhainn, d'fhág sé deich mac ina dhiaidh, .i. Muireadhach óna bhfuil Cineál Muireadhaigh; Fearghus óna bhfuil Cineál Fearghusa; Eochaidh óna bhfuil Cineál Eochadha; Binneach óna bhfuil Cineál Binnigh; Dallán óna bhfuil Cineál Dalláin; Cormac óna bhfuil Cineál Cormaic; Oilill óna bhfuil Cineál Oiliolla; Féilimidh óna bhfuil Cineál Féilimidh; Iollann óna bhfuil Cineál Iollainn; Aonghus óna bhfuil Cineál Aonghusa; Eichín óna bhfuil Cineál Eichín.

Ba chathaithe comhramhacha i gcomharbas a n-athar agus a seanathar an deichniúr sin.

4. Muireadhach (+478)

Mac uasal onórach den chlann sin, .i. Muireadhach ón bhfuil ríora Chineáil Eoghain uile agus Ionnorb, iníon Rí Shacsanach, a mháthair. Is é an Muireadhach sin mac Eoghain a chuir deich mbáire fichead i gcionn a thrí bliana déag ar Chuingidh Chas mac Criomthuinn, .i. mac Rí Laighean agus seasca mac rí maille leis ar theacht d'iomarbhá iomána ó dhún Rí Laighean go Tráigh Inbhir, baile ina raibh Eoghan mac Néill, agus d'umhlaigh mac Rí Laighean dó d'aithle na hiomána agus thug Muireadhach tuarastal dó, .i. céad bó, céad brat agus céad each agus a thiomthach féin.

Chuir Muireadhach tríocha báire i gcionn an treas lá iar sin ar fhaiche dhún Eochaidh Abhraidh Ruaidh in Albain arna fháil i mbun Loch Feabhail d'Eochaidh ag snámh na toinne agus arna bhreith i ngialla leis dá dhún féin.

Is é Muireadhach a bháigh an cúigear ar fhichead de mhic Rí Alban a bhí á mhúineadh i mbaile Eochaidh Abhraidh Ruaidh ar chluiche toinne arna fholáireamh d'Earc iníon Lodhairnn ar dhul a chomhbháthadh léi.

Is é fós a thug tríocha cath sa domhan thoir ag gabháil nirt de Rí Alban agus gan de chuideachta aige acht foireann chúig long de mhuintir Eochaidh Abhraidh Ruaidh agus is den turas sin a tháinig Earc iníon Lodhairnn go hÉirinn leis, .i. iníon Rí Alban agus rug ceithre mhac dó.

Chaith Muireadhach trí bliana déag ina ríghe féin iar sin go bhfuair bás ina mhórlongphort féin in Aileach na Rí.

Agus ba í aois an Tiarna an tan sin, .i. ocht mbliana déag agus trí fichead agus ceithre céad. Earc iníon Lodhairnn, iomorra, bhí aimsir imchian gan fhear aici iar n-éag Mhuireadhaigh gur thug Fearghus mac Conaill Ghulban i gcol ábhalmhór gur rug ceithre mhac dó, .i. Féilim, athair Cholm Cille agus Lodharnn agus Bréanoinn agus Séadna.

Tháinig Earc faoi aithrí iar sin chun Cairnigh agus shléachtadh gach treas iomaire ó Thoraigh go Tuileán Cairnigh, agus rinne aithreachas ina col agus ina peaca agus bheannaigh an Cairneach uisce íon di. D'fhág Cairneach, iomorra, fágála móra ar chlanna Earca, .i. gach dara rí a gheobhadh Éire go bráth gur díobh a bheith, agus bhí a spiorad ó Earc iníon Lodhairnn iar sin *in manibus Angelorum*.

Muireadhach mac Eoghain, cúig mhac leis, .i. Muircheartach óna bhfuil an ríora, agus Fearadhach óna bhfuil Cineál Fearadhaigh, agus Tighearnach óna bhfuil Cineál Tighearnaigh, agus Maon óna bhfuil Cineál Maonaidh, agus Ruanach.

5. Muircheartach mac Earca (+527)

Muircheartach mac Earca, .i. Muircheartach mac Mhuireadhaigh mhic Eoghain mhic Néill Naoighiallaigh, céad Rí Éireann de chlanna Néill iar gcreideamh.

Is é an Muircheartach sin a chuaigh in Albain i gceann a dhá bhliain déag agus tháinig Lodharnn, .i. Rí Alban, ina choinne agus fearadh cath ollbhorb, amhnas, ainiarmhartach eatarthu, .i. Lodharnn, a sheanathair féin, agus ghéill fir Alban do Mhuircheartach agus thug siad a mbraighdeanaigh go humhal ina urláimh agus shuigh sé in ionad Rí Alban agus bhí dhá bhliain i ríghe Alban. Agus chuaigh i gcríocha na Breataine agus mharaigh Rí na Breataine agus Rí na Sacsaine agus an tImpire agus rug bean an Impire dís mac dó, .i. Arsidinus agus Constantinus a n-ainmneacha agus ghabh an dís sin ríghe na Sacsaine agus na Breataine agus dúirt na hardúdair gur ar a shliocht atá ríora na Breataine agus na Sacsaine.

Tháinig Muircheartach mórchabhlach go hÉirinn iar sin d'fhir na hAlban agus na Sacsaine agus ghabh neart ar gach neach d'fhir Éireann a bhí ina aghaidh agus shuigh sé féin in Aileach iar sin, agus ghabh ríghe Eoghain mhic Néill, agus a dúirt nár mhiadh nó maise leis Ríghe Éireann a bheith ag Oilill Molt mac Dháithí agus gan ag sliocht Néill Naoighiallaigh ach Cúige Uladh agus cuid de Chúige Chonnacht agus an Mhidhe; agus is í comhairle ar a chinn clanna Néill cath a fhógairt ar Oilill Molt mac Dháithí mhic Fhiachraigh. Gabhadh lá catha eatarthu ar Mhagh Ocha.

Muircheartach mac Mhuireadhaigh agus maithe a mhuintire agus a mhórshochraide, .i. Lughaidh mac Laoghaire, agus Fearghus Cearbhaill mac Conaill Chriomhthainn agus Fiacha Lon, Rí Dháil nAraidhe, agus fearadh cath nimhneach naimhdiúil eatarthu agus thit Oilill Molt mac Dháithí le láimh Mhuircheartaigh mhic Earca sa chath sin Ocha, agus cuireadh ár a mhuintire. Thug Muircheartach Ríghe Éireann dá shinsearbhráthair, .i. do Lughaidh mac Laoghaire agus ghabh féin ríghe Ailigh, agus is cosúil nár mhór leis Ríghe Éireann agus bhí 25 bliain i ríghe Eoghain mhic Néill nó gur tochraíodh Lughaidh mac Laoghaire d'fharcha tine a thit ina cheann in Achadh Fharcha in Íbh Chriomhthuinn trí fhearg na naomh.

Ghabh Muircheartach Ríghe Éireann iar sin, agus is é a thug Teamahir uile, agus is é a chuir an dochar mór ar Laighnigh i gcumhal Néill mhic Eachaidh, .i. gan rí díobh a bheith ar Theamhair go bráth agus gan fód thar a ndúiche féin d'Éirinn a ghabháil agus thug ar Laighnigh Teach Cleitigh a dhéanamh i nDruim Fraoich ar bhrú Bóinne agus a dhéanamh de dharaigh agus mná Laighean a bhain a thuí i Seisgionn Uairbhéail agus a bhí ullamh don teach sin faoi cheann an treas lá, agus a chuir fíon agus miodh an tí sin ar Mhuimhnigh, a choinnle agus a fheoil ar Chonnachtaigh, a iasc, a uisce, agus a chonnadh ar Chúige Uladh. Is air a thugtar 'cleiteach' óir ba é céadchleiteach fhir Éireann é. Bhris,

iomorra, Muircheartach (de réir na n-údar) sé chath déag agus dhá fichead, cath thoir agus abhus.

Chaith Muircheartach ceithre bliana fichead i Ríghe Éireann gur tochraíodh leis an bhean sí, .i. le hiníon Dhéin mhic Thriúin mhic Roithriúin i dTeach Cleitigh ós Bóinn. Gonadh í a oighidh, .i. goin, báthadh agus loscadh.

Ba í aois Mhuircheartaigh an t-am téarnaithe den saol, .i. deich mbliana ar céad, agus ba í aois an Tiarna an t-am sin, dhá bhliain agus dá fhichead cúig céad. Cúig mhac, iomorra, le Muircheartach mac Earca, .i. Domhnall, Néillín, Baodán, Scannol agus Fearghus.

6. Domhnall Ilchealgach (+561) agus Fearghus (+561)

Domhnall agus Fearghus dhá mhac Mhuircheartaigh, dhá Rí Éireann iadsan agus is den Domhnall sin a gaireadh Domhnall Ilchealgach trí iomad na gcealg a chum fir Éireann chuige ar anchroí a athar leo, agus is leo a tugadh na cathanna seo, .i. cath Shligigh ina dtorchraíodh Eoghan Béal, Rí Chonnacht, agus cath Chúil Conaire ina dtorchraíodh Oilill Ionbhann mac Eoghain, Rí Chonnacht, agus Aodh Fortamhail, a bhráthair agus cath Chúil Dreimhne ar Dhiarmaid mac Cearbhaill, agus cath Gabhra Liffe ar Laighnigh agus mórán eile.

Trí bliana don dá mhac sin Mhuircheartaigh i gcomhfhlaitheas go bhfuair siad bás ina dtithe.

Duaibhseach, iníon Dhuachghalaigh mhic Bhriain mhic Mhuircheartaigh mhic Eochadha Mhuighmheadhóin, máthair na díse mac sin, agus ba í aois an Tiarna an t-am teasta Domhnall agus Fearghus, .i. naoi mbliana daichead ar chúig chéad. Trí mhac le Domhnall Ilchealgach mac Mhuircheartaigh, .i. Eochaidh, Colga agus Aodh Uairiodhnach, .i. Rí Éireann.

7. Aodh Uairiodhnach (+607)

Aodh Uairiodhnach mac Dhomhnaill Ilchealgaigh mhic Mhuircheartaigh, .i. Rí Éireann. Is é a bhris cath Shlaibhre ar Bhrannamh mac Eachaidh.

Is air a tugadh Aodh Uairiodhnach leis, .i. ‘uaro oinigh’, thagaidís dó go dtíolacfaidís an domhan dá mbeidís faoina amas, nó ‘uara iodhna’, .i. ar shlógadh geimhridh ba ghnáth leo a bheith, nó ‘uara’ iomorra thagaidís dó ina chodladh agus is ea a tugadh creach, coirm, ceol.

Brí, iníon Orca mhic Earca, máthair Aodha Uairiodhnaigh. Chaith Aodh Uairiodhnach seacht mbliana i Ríghe Éireann, gur éag sé.

Ba í aois an Tiarna an t-am sin trí bliana fichead agus cúig chéad. Dhá mhac Aodha Uairiodhnaigh, .i. Dáire agus Maolfithrigh. Maolfithrigh, iomorra, dhá mhac leis, .i. Maoltuile agus Maoldún; Maoldún, iomorra, aon mhac leis, .i. Fearghal mac Mhaoldúin.

8. Fearghal m. Mhaoldúin (+718)

Fearghal mac Mhaoldúin, iomorra, Ardrí Éireann eisean agus is leis a fearadh na cathanna seo síos, .i. cath Shliabh Fuaid, áit a dtochraíodh Tnúthghal Ua Loingsigh, Rí Ua Méith, agus Cúraoi mac Dhlúthaigh mhic Chonaill Chreamhthainn; agus cath Fhorcongradh Ua gCearnaigh gur tochraíodh leis; agus cath Fhionnabhrach ar Laighnigh, dú a dtorchraíodh Aodh mac Ceallaigh Cualann; agus cath Rois, dú a dtochraíodh Rí Chonnacht.

Is in aimsir Fhearghail, iomorra, a fearadh na frasa an oíche ghine Néill ag Lios na bhFras le taobh Ailigh na Rí, .i. fras airgid ar Othain Mhór, agus frasa meala agus cruithneachta ar Othain Bheag. Cacht, iníon Cheallaigh mhic Mhaolchobha, Rí Chineáil Chonaill, máthair Fhearghail. Fearadh cath Almhaine idir Fearghal mac Mhaoldúin agus Murchadh mac Bhriain, gur tochraíodh ann Rí Éireann, .i. Fearghal iar gcaitheamh deich mbliana sa ríghe.

Ceithre mhac le Fearghal mac Mhaoldúin, .i. Niall Frasach óna bhfuil an ríora, agus Aodh Olláin agus Conchubhar agus Colga, agus ba í aois an Tiarna an tan sin a tochraíodh Fearghal i gcath Almhaine, .i. sé bliana déag agus sé chéad.

9. Niall Frasach (+765)

Niall Frasach mac Fhearghail mhic Mhaoldúin, Ardrí Éireann. Is é a rug an bhreith oirirc don bhean um a leanbh in Aonach Tailltean, an t-am a dúirt sí nár fheadair athair a mic agus thuig nach raibh fear aici, agus nár taibhríodh mar aisling di é. D'fhiafraigh Niall nár luigh bean eile léi.

"Luigh", ar sí. "Cad é um a raibh duit?"

"A fear féin a luigh léi", ar sí, "agus ní bhfuair a toil uaidh gur luigh liomsa a chosc a háilíosa."

"Fíor", ar Niall, "an choimpeart a d'fhág a fear féin léise, d'fhág sise agatsa í. Gonadh é an fear sin athair do mhic."

Is amhlaidh a bhí an t-am sin lucht an aonaigh agus duibhnéal de dheamhain os a gcionn san aer gur thit deamhan díobh ar lár Thailltean i bhfianaise fhir Éireann, .i. Sagart Inis Bó Finne, agus d'inis gur naomhadh Niall agus gurb í deatach na dea-bhreithe sin a scaoil na deamhain uime ar gach leath, agus d'iarr an Sagart ar Niall guí thar a cheann a thabhairt a phéine agus rinne Niall an ghuí sin agus chuaigh i dtairbhe don sagart. An oíche ghine Néill, iomorra, a fearadh na frasa de nimh.

Thabhaigh Niall, iomorra, broid bhuanaibhseach ar Éirinn, .i. céad giall gach cúige. Chaith Niall seacht mbliana i Ríghe Éireann.

Thug Niall, iomorra, an ríghe dá mhac, .i. d'Aodh Oirdnidhe agus chuaigh féin a oilithre go Róimh go bhfuair bás in Í Cholm Cille agus chuaigh a spiorad chun neimhe. Aitheacht, iníon Chéin Uí Chonchubhair, .i. iníon Rí Chiannachta, máthair Néill.

Cúig mhac le Niall mac Fhearghail, .i. Aodh Oirdnidhe, Colmán, Fearchar, Cuán agus Muircheartach.

10. Aodh Oirdnidhe (+817)

Aodh Oirdnidhe mac Néill Fhrasaigh, is é a ghabh Ríghe Éireann, .i. ón oirniú a thug tuath agus eaglais air a deirtear Aodh Oirdnidhe leis, nó a dhorn a dhéanadh sé arna bhaint de chíoch a mháthar. Is é Aodh Oirdnidhe, iomorra, a thug cath Dhroim Rígh inar thit dhá mhac Dhomhnaill mhic Mhurchaidh, .i. Rí Theamhrach, agus Fiannachta agus Diarmaid.

Slógadh eile le hAodh Oirdnidhe i Midhe gur rann sé í idir dhá mhac Dhonnchaidh mhic Dhomhnaill, .i. Conchubhar agus Oilill. Ionnarbadh Laighean faoi dhó leis.

Slógadh eile le hAodh Ua Néill i Laighnigh gur rann Laighean idir dhá Mhuireadhach, .i. Muireadhach mac Ruaraidh agus Muireadhach mac Bhroin.

Is le hAodh Oirdnidhe a tochraíodh Raghallach mac Fhorflaith. Ionradh Laighean leis ó Chrích Cualann go Gleann Dá Locha. Cúig bliana fichead d'Aodh Oirdnidhe i Ríghe Éireann gur éag sé ag Áth Dhá Fhearta i Sliabh Fuaid le Maol Cano.

Sé mhac le hAodh Oirdnidhe mac Néill Fhrasaigh, .i. Niall Caille, Rí Éireann, agus Maoldún agus Diarmaid agus Foghartach agus Bláthmhac agus Maolcallann.

Dúnlaith, iníon Fhlaithbheartaigh, .i. Rí Thír Chonaill, máthair Aodha Oirdnidhe.

11. Niall Caille (+844)

Niall Caille mac Aodha Oirdnidhe, Rí Éireann. Is é a thug Ríghe Laighean do Bhran mac Fhaoláin agus loisceadh Midhe leis go teach Mhaolchonoic.

Rídháil mhór le Niall Caille i gCluain Conaire Tomain idir é féin agus Feidhlim mac Chriomhthainn, Rí Chaisil. Argain Fhir gCeall agus Dealbhna Eathra le Niall.

Bádh Niall iar sin i gCallann Shliabh Fuaid.

Meadhbh, iníon Inreachtaigh, .i. Rí Chonnacht, máthair Néill Chaille. Chaith Niall 13 bliana i Ríghe Éireann.

Niall Caille, iomorra, sé mhac leis, .i. Aodh Finnliath, Duibhinnreacht, Aonghus, Carrbhaothán, Muircheartach agus Braon.

12. Aodh Finnliath (+876)

Aodh Finnliath mac Néill Chaille, Rí Éireann. Is é a d'arg Midhe go huile agus Lorcán mac Cathail, Rí Mhidhe, a dhalladh, agus ionradh Chonnacht leis fós agus cathshraonadh mór ar Ainbhithe mac Sheannaláin mhic Aodha, Rí Chonaill, leis agus ár mór ar Ghaill Loch Feabhail, óir thug sé fiche ceann leis uatha go haonbhaile, agus éadáil a longphoirt uile.

Cathshraonadh eile ar Ghaill agus ar Laighnigh gur maraíodh leis Flann mac Conaing, Rí Bhreagh, agus Diarmaid mac Eidirsceoil, Rí Loch Gabhar, agus Gaill iomdha a maraíodh ann um Charolus mac Amhlaimh. Fachtna mac Mhaoldúin, rídhamhna an Fhochla, a maraíodh i bhfriothghoin an chatha sin, ó Aodh Finnliath, agus Laighean, ó Áth Cliath go Gabhrán, a argain leis. Chaith Aodh Finnliath sé bliana déag i Ríghe Éireann gur éag sé i nDruim Ineasclainn.

Fras fola d'fhearthainn ar Dhumha nDéisi i gCiannachta go raibh ina spairteanna cró ag tairngreacht bhás Aodha Fhinnléith. Gormlaith iníon Dhonnchadha mhic Dhomhnaill,

Rí Mhidhe, máthair Aodha Fhinnléith. Dhá mhac ag Aodh Finnliath, .i. Niall Glúndubh, Rí Éireann, agus Domhnall, Rí Ailigh, .i. sinsear Mhic Lochlainn.

13. Niall Glúndubh (+917)

Niall Glúndubh mac Aodha Fhinnléith a ghabh ardcheannas Éireann iar sin agus is uaidh a ainmnítear clann Néill. Is é an Niall Glúndubh sin a mharaigh mórán de Ghaill is de Ghaeil um Rí Charraig Brachaidhe agus um thaoiseach Ua gCearnaigh agus um thaoiseach Ua nDonnagáin, .i. Maol Finne, agus um Fhearghal mac Mhuireagáin, taoiseach Ua gCriomhthainn. Niall Glúndubh le forgla fhir Éireann a chuaigh sa Mhumhain agus Donnagán mac Fhlannagáin a thit leis.

Trí bliana do Niall i Ríghe Éireann agus a maraíodh i gcath Átha Cliath le maithe fhir Éireann uime, .i. Conchubhar Ua Maoileachloinn, rídhamhna Éireann, agus Aodh mac Eochagáin, Rí Uladh, agus Maolmithidh mac Fhlannagáin, Rí Bhreagh, agus Maolcraoibhe mac Dhuibhsionna, Rí Oirghiall, agus Ceallachán mac Fhoghartaigh, Rí dheisceart Bhreagh, agus Eireamhán mac Cinnéidigh, Rí Chineáil Mhaine, agus mórán eile.

Maolmuire, iníon Chionáith, .i. Rí Alban, máthair Néill Ghlúnduibh. Trí mhac le Niall Glúndubh, .i. Muircheartach agus Conang agus Maolciarán.

14. Muircheartach na gCochall Craicinn (+941)

Muircheartach na gCochall Craicinn mac Néill Ghlúnduibh a ghabh ríghe Ailigh. Slógadh na gCochall Craicinn a dhéanamh leis sa gheimhreadh, deich gcéad laoch a líon agus cochall craicinn um gach laoch díobh. Argain Inis Gall leo ar dtús, agus dul iar sin go Caiseal gur thug Ceallachán mac Bhuadhacháin i láimh leis gur loisc teach Chionn Coradh gur thug Conchubhar mac Thaidhg, Rí Chonnacht, i láimh leis, agus bhí gialla thuaisceart Éireann leis ag ionsaí an deiscirt, .i. Loingseach mac Aonghusa, Rí Line, agus ardrí Uladh agus Sitreag mac Amhlaimh, Rí Átha Cliath, agus Lorcán mac Bhreasail, Rí Laighean, agus ar theacht timpeall Éireann máguaird do Mhuircheartach den turas sin, thug gialla Éireann go hAileach. Thíolaic Muircheartach na gialla sin uile dá bhráthair gaoil a bhí i bhflaithiúnas Theamhrach an t-am sin, .i. Donnchadh mac Fhlainn mhic Mhaoilseachlainn.

Slógadh eile le Muircheartach i Laighin gur thug cath do Rí Laighean a ndíoghailt a athar agus maraíodh Rí Laighean sa chath sin, .i. Cearbhall mac Mhuireagáin agus rinneadh foireann fíorálainn ceangailte dá chnámha.

Chaith Muircheartach na cCochall Craicinn seacht mbliana déag in Aileach iar sin, iar dtabhairt urlámhais Teamhrach do Dhonnchadh mac Fhlainn.

Earcamh, iníon Ainbheith mhic Aodha, máthair Mhuircheartaigh na gCochall Craicinn. Ceithre mhac le Muircheartach mac Néill Ghlúnduibh, .i. Domhnall, Rí Éireann, agus Flaithbheartach, Rí Ailigh, agus Murchadh agus Flann.

15. Domhnall Ard Mhacha (+978)

Domhnall Ard Mhacha mac Mhuircheartaigh na gCochall Craicinn a ghabh Ríghe Éireann, agus Laighean ó Bhearbha go farraige a lomargain leis agus ionradh mórábhal sa Mhidhe, agus thug gialla agus eidire Dhál Riada leis agus chuir loingeas mór ar Loch nEachach gur milleadh an Trian Thoir go hiomlán leis. Giolla Comhghaill Ó Canannáin, Rí Chinéal Chonaill a maraíodh leis. Feacht eile, chuaigh Domhnall a argain Laighean go ndearna forbhais dá mhíosa orthu. Domhnall, iomorra, a bheith ag éisteacht le healaoín in Ard Mhacha agus nár lig iomnáire dó éirí gur mharaigh a fhual féin é.

Chaith Domhnall ceithre bliana fichead i Ríghe Éireann. Ceithre mhac le Domhnall Ard Mhacha, .i. Muircheartach agus dhá Aodh agus Muireadhach.

16. Muircheartach Midheach (+977)

Muircheartach Midheach mac Dhomhnaill Ard Mhacha a ghabh Ríghe Uladh, agus damhna Ardrí Éireann é, agus bhí naoi mbliana déag sa ríghe go bhfuair oighidh le hAmhlaimh mac Shitrig, Rí Ghall.

17. Aodh Craoibhe Tulcha (+1003)

Aodh mac Dhomhnaill Ard Mhacha mhic Mhuircheartaigh na hCochall gCraicinn a ghabh Ríghe Uladh, .i. Aodh Craoibhe Tulcha. Is leis a tochraíodh Eochaidh mac Ardghail agus a mhac, .i. Cú Duiligh, agus Gairbhidh agus Dubhtuinne agus ár ábhal maille leo, agus bhí Eochaidh mac Ardghail agus deich gcéad, agus urdháil le hAodh Ua Néill go Craoibhe Tulcha faoi rian tréan. Bhí Eochaidh san urdháil sin agus deich gcéad dá n-iomarcaigh. Chaith Aodh Craoibhe Tulcha sé bliana déag i Ríghe Uladh.

Dearbháil, iníon Thaidhg an Eich Ghil Uí Chonchubhair, máthair Aodha Craoibhe Tulcha.

18. Flaithbheartach an Trostáin (+1036)

Flaithbheartach an Trostáin mac Mhuircheartaigh Mhidhigh, iomorra, a ghabh gialla Uladh go hiomlán agus maraíodh Cú Uladh, Rí Leath Cathail, leis agus bhain gialla agus eidirí de Ghaill Mhidhe agus Mhumhan. Ionradh Leath Cathail leis agus maraíodh Aodh mac Thomaltaigh agus eidirí leis ó Niall mac Dhuibhtuinne, agus loscadh dhún Eochadha.

Ionradh Fánad agus na dTuath leis, agus Ua Mhaoldoraidh a chur ar ionnarbadh i gConnachta – agus Flaithbheartach á leanúint – agus maidhm Thráigh Eothaile a thabhairt air. Chuaigh Flaithbheartach chuig an Róimh agus ón trostán Rómha a ghabh ainmniú, agus bás creidmhe a fháil dó, iar gcaitheamh dhá bhliain déag agus dhá fhichead i Ríghe Uladh.

19. Aodh Athlamhain (+1033)

Aodh Athlamhain mac Fhlaithbheartach an Trostáin a ghabh Ríghe Uladh i ndiaidh a athar agus chaith fiche bliain sa ríghe.

20. Domhnall ‘an tÓgdhamh’ (+1024?)

Domhnall lena ráitear ‘an tÓgdhamh’, .i. ar threise, mac Aodha Athlamhain, a ghabh Ríghe Uladh agus a maraíodh le Clann Lochlainn, iar gcaitheamh cúig bliana sa ríghe .

Aois an Tiarna an t-am sin 1234.

21. Flaithbheartach Locha Feadhaidh (+?)

Flaithbheartach Locha Feadhaidh a ghabh an ríghe le ré trí bliana agus a maraíodh le Mag Lochlainn.

22. Conchubhar na Fiodhbhuidhe (+?)

Conchubhar na Fiodhbhuidhe mac Fhlaithbheartach Loch Feadhaidh a ghabh an ríghe go ceann deich mbliana agus a maraíodh le Clann Lochlainn.

23. Tadhg Glinne (+?)

Tadhg Glinne mac Chonchubhar na Fiodhbhuidhe a ghabh Ríghe Uladh go ceann seacht mbliana gur tochraíodh le Mag Lochlainn.

24. Muircheartach Muighe Lughan (+1160)

Muircheartach Muighe Lughan a ghabh Ríghe Uladh go ceann cúig bliana, agus é féin agus a cheathrar mac a maraíodh le Clann Lochlainn.

25. Aodh ‘an Macaomh Tóinleasc’ (+1177)

Aodh lena ráitear ‘an Macaomh Tóinleasc’ a d’fhág Muircheartach Muighe Lughan i mbroinn iníon Uí Fhloinn, agus níor mhair den fhuil ríoga um an am sin ach é. Agus iar mbreith an mhic sin, oileadh é i dteach Uí Fhloinn, .i. a sheanathair; agus nuair a chuala Mag Lochlainn sin, chuaigh sé go teach Uí Fhloinn a iarraidh an mhacaoimh, agus fuair Mag Lochlainn Aodh ina shuí i gcathaoir i lár an tí agus níor éirigh sé roimhe.

“Is tóinleasc an macaomh,” ar Mag Lochlainn.

Gonadh de sin, lean an forthórach ainm é, .i. ‘an Macaomh Tóinleasc’.

Chuir Ó Floinn an Macaomh Tóinleasc iar sin in imfholach, áit nach dtiocfadh cumhachta Mhig Lochlainn air. An t-am, iomorra, ba ghníomhach an Macaomh Tóinleasc, d'fhás comhfhuath cogaidh idir é féin agus Mag Lochlainn ionas gur arg a n-urmhór, gur thit dea-dhaoine Chlann Lochlainn leis uile agus Mag Lochlainn féin faoi dheoidh, agus ghabh Aodh Ríghe Uladh go ceann caoga bliain agus thit le Clann Lochlainn ar thaobh aise ar Shliabh Fuaid.

Aodh Méith, .i. sinsear Chlann Aodha Bhuidhe, agus Niall Ruadh, dhá mhac Aodha lena ráitear 'an Macaomh Tóinleasc'.

26. Aodh Méith (+1230)

Aodh Méith mac Aodha a ghabh Ríghe Uladh le ré 13 bliana.

27. Niall Ruadh (+1222)

Niall Ruadh a ghabh Ríghe Uladh iar sin agus a d'éag faoi cheann míosa i dTulach Óg.

28. Brian Chatha Dúin (+1260)

Brian Chatha Dúin mac Néill Ruaidh a ionnarbadh le Clann lannghníomhach Lochlainn i gConnachta agus ghabh siad féin an ríghe gur éirigh neart Bhriain tharstu agus argadh leis ó Thulach Óg go Sliabh Truim, agus tugadh cath Chaimeirghe leis, áit inar cuireadh deargár Chlann Lochlainn agus inar thuit Mag Lochlainn féin agus a mhac agus thug Brian tuarastal mór each agus airm agus éadigh do Mhaoilseachlainn Átha Seanaigh d'aithle chath Chaimeirghe inar thit Domhnall Mag Lochlainn agus a bhráithre.

Brian Chatha Dúin mac Néill Ruaidh a ghabh Ríghe Uladh agus thug tuarastal do Ghaeil Éireann i gCaoluisce agus do Chathal Chroibhdhearg Ó Conchubhair agus d'Fhinghín Reanna Róin Mag Carrthaigh agus do Ó Briain agus do Mhac Murchadha agus do Ghaeil Laighean archeana agus níor iarr ar son a dtuarastal orthu acht Gaill a ionnarbadh as dúiche gach duine acu féin. D'ionnarb Síol Bhriain agus Clann Charrthaigh Gaill Mumhan go raibh siad i Rinn Róin, agus thug siad cath do na Gaill ansin, agus maraíodh Fínghín Mag Carrthaigh ann ionas gur ghabh ainmniú uaidh tar éis a bháis, .i. Fínghín Reanna Róin.

Is é Brian a thug cath Chiannachta ar Ghaill Uladh agus cath Mhagh Cobha gur ionnarb Gaill agus Gall-Ghaeil ó Oirthear agus ó Mhagh Cobha agus chuir Gaill an chúige uile i Leath Cathail.

Chaith Brian Chatha Dúin ocht mbliana déag in ardcheannas an chúige agus tochraíodh iar sin i gCath Dúin le Danair agus urmhór Ghaeil Éireann maille leis.

Ciodh trácht, ní raibh an neart céanna ag Clann Lochlainn ó thug Brían dícheann i gcath Chaimeirghe orthu, agus níor mhór an machnamh sin. Óir dhícheann Brian aon fhear déag dá láimh féin sa chath sin díobh.

Tulach Óg

29. Domhnall Caol (+1325)

Domhnall mac Bhriain Chatha Dúin a ghabh Ríghe Uladh. Thug sé Cath Chraoibhe i dTulach Óg ar Dhomhnall Ó Néill agus Brian mac Aodha Bhuidhe a maraíodh ann agus forgla Gaill Uladh uile a thit sa chath sin. Is é an Domhnall sin a thug tomhas ar dtús do Ghallóglaigh, .i. do Mhag Buirrche, óna bhfuil Clann Shuibhne, agus is do chothú cogaidh le Clann Aodha Bhuidhe a thug Domhnall an bhuannacht sin amach.

Scrios Domhnall an taobh sin Gall ó Oirthear agus ó Íbh Eachach agus ó Chiannachta agus as an tuaisceart uile agus rinne clann Bhriain fearann claidhimh de na críocha sin in éiric Aodha Óig Uí Néill. Gonadh iad féin agus a gclann a dhligh cíosa agus béasa na bhfearann sin. Ghabh Domhnall neart mór ar Chlann Aodha Bhuidhe, agus maraíodh Somhairle Ó Gairmfhleaghaigh leis, agus maraíodh fós Domhnall Óg agus a mhac, .i. Niall Cualanach.

Chuaigh Domhnall a oilithre don Róimh iar sin, agus ar theacht ón Róimh dó fuair bás creidmheach ag Loch Laoghaire, iar mbeith dhá bhliain agus trí fichead i Ríghe Uladh.

30. Aodh an Fhraochmhoighe *.i.* Aodh Ramhar (+1364)

Aodh mac Dhomhnaill mhic Bhriain Chatha Dúin a ghabh Ríghe Uladh agus is é a thug maidhm Bhaile Dhálaigh agus maidhm Reanna Shuibhne ar Chlann Aodha Bhuidhe agus ionnarbadh Enrí mac Bhriain in Albain leis, agus is é a thug maidhm Rátha

Chonghail ar Oirghialla. Chuaigh clú agus alla agus ardnós Aodha faoi iarthar Eorpa uile ar throime a thuillimh agus a thuarastal agus a thíolaice agus ar dhíol dámh agus deoraithe agus ar dháil séad agus maoinithe d'éigse agus d'ollúna.

Is ann, iomorra, a bhí a dhúnárus agus a bhaile bunaidh san Fhraochmhagh agus bhí seasca teach comhla comhdhaingean sa bhaile sin in éagmais phríomháras an ardfhlatha, .i. fiche teach ina ndíoltaí éigse agus ollúna agus ánraidh Éireann agus daichead teach ina ndíoltaí dámha agus deoraithe agus lucht mionduaise olcheana.

Chuir Ó Conchubhair, .i. Rí Chonnacht duine dá mhuintir féin, .i. Diarmaid na Cloiche Ó Conchubhair a bhreith tuarascála Aodha Uí Néill chuige. Ciodh trácht arna iompú do Dhiarmaid ar ais go Cruachain áit a raibh Ó Conchubhair agus dúirt go raibh sé féin i ndún Aodha Uí Néill agus nach bhfaca a mhacasamhail d'áras ag rí ná ag róthiarna in Éirinn.

"Óir is ann is lia féinnithe fíorchalma agus amhais airmnimhneacha agus bantracht buananálacha, éigsí agus ollúna agus aosa gach dána olcheana, agus chonaic mé féin," ar Diarmaid, "teach uaigneach óil i mbaile Aodha Uí Néill, agus d'áiririgh mé cúig chlaíomh déag agus naoi bhfichead ar a raibh dornchla óir in airde os cionn na gcuradh ann, in éagmais claimhte le bearta airgid nó iarainn."

Gonadh í tuarascáil na héinne forbla tnútha ansin. Chaith Aodh an Fhraochmhoighe ocht mbliana déag agus dá fhichead i Ríghe Uladh agus níor chualathas gur iarr éinne de thrua ná de thréan an feadh sin.

31. Niall Mór (+1397)

Niall Mór a ghabh an ríghe iar sin tar éis Aodha, agus bhí ag táthú na dtuath agus ag ceansú na gcríoch agus ag díriú na ndrochdhaoine le réimeas dhá bhliain is tríocha go bhfuair bás i gCinéal Faghartaigh.

32. Niall Óg (+1402)

Niall Óg mac Néill Mhóir a ghabh Ríghe Uladh. Is é a thug maidhm an Iubhair ar Ghaill, áit inar cuireadh ár ábhalmhór orthu agus thug braighdeánaigh fhir Bhreagh agus Theabhtha agus Bhréifne Uí Raghallaigh leis.

Niall Óg, iomorra, a chuaigh i gConnachta gur tháinig Domhnall mac Mhuircheartaigh agus Tomaltach mac Dhonnchaidh agus Ruaidhrí Ó Dubhda ina cheann agus forgla fhir Chonnacht uile gur thug siad a mbraighdeánaigh ina urláimh; agus dháil Niall ar Mhagh nAoi a thuarastal do gach aon d'uaisle Chonnacht.

Ionradh na Midhe le Niall Óg agus Tighearnán Ó Ruairc, prionsa na Midhe, agus an Dúdálach agus Seiffín Dufait a maraíodh leis. Chuaigh sé timpeall Thír Chonaill agus umhlaíocht a bhaint astu, agus an tír a roinnt ar dhó idir Toirrdhealbhach Ó Domhnaill agus Conchubhar mac Sheáin Uí Dhomhnaill.

Thug Niall Óg, iomorra, trí mhaidhm ar Ghaill Leath Cathail, agus maidhm Mhachaire an Chroinidh ar Ghaill Mhagh Oirghiall, agus ionradh Leath Cathail, agus mac Sheáin Bhiséad a maraíodh leis in éiric mhic Giolla Muire. Teach a rinneadh le Niall

Óg in Eamhain Macha, agus deireadh na heolaithe gurb é a rinne fleá na hEamhna faoi dheoidh in Éirinn agus chaith deich mbliana i Ríghe Uladh go bhfuair bás i Seanmhagh.

An Niall Óg sin, iomorra, agus Cú Uladh agus Aodh Óg agus Seán Súileach agus Maoileachlainn agus Enrí Aimhréidh, clann Néill Mhóir ansin. Brian agus Eoghan agus Toirdhealbhach Mart trí mhac Néill Óig ansin.

33. Enrí Aimhréidh (+1392)

Enrí Aimhréidh mac Néill Mhóir mhic Aodha mhic Dhomhnaill mhic Bhriain Chatha Dúin a ghabh ríghe go róneartmhar, agus chaith sé bliana sa ríghe le díol dámh agus deoraithe, éigsí agus ollúna.

34. Brian m. Néill Óig (+1402)

Brían mac Néill Óig a ghabh an ríghe go rathúil agus a d'éag i gcionn leathbhliana. Domhnall, Brian, Aodh Ruadh, Niall, Ruaidhrí, Seán agus Enrí Óg, clann Enrí Aimhréidh mhic Néill Mhóir ansin.

35. Domhnall m. Enrí Aimhréidh (+1432)

Domhnall mac Enrí Aimhréidh a ghabh Ríghe Uladh, agus chaith agus chosain an tír agus thug riail cheart chothrom sa chúige, agus chaith seacht mbliana i mórchonách chúige chaomhthorthaigh Chonchubhair.

36. Eoghan mac Néill Óig (+1456)

Eoghan mac Néill Óig a ghabh Ríghe Uladh, agus deireadh na húdair agus na heolaithe nach bhfuil ach ríomh réaltaí nó gad um ghaineamh agat dul i gceann cuntais nó comhairimh a ndearna Eoghan mac Néill Óig faoi Éirinn ag dícheann a naimhde agus a neamhchairde, ag scriosadh agus ag díláithriú aosa oilc agus ainreachta agus éagóra, agus ag congbháil na rialach ríoga go ródhíreach. Bhí Eoghan mac Néill Óig cúig bliana fichead i gcomharbas an chúige.

Enrí, Feidhlim, Art, Aodh, Domhnall, Brian, Muircheartach, Seán Buidhe agus Eoghan Óg, clann Eoghain mhic Néill Óig sin.

37. Enrí m. Eoghain (+1489)

Enrí mac Eoghain a ghabh an ríghe iar sin agus a bhí seasca bliain go buantíolaiceach i Ríghe Uladh gan imreasán ag táthú na dtuath agus na dtreabh agus na dteallach a bhí faoina thiarnas féin; ag teannadh a chíosanna agus a chánacha ar choigríochaigh; ag tabhairt foinn agus fearainn do chealla agus do chaoimhreigléasaigh; ag órú scrínte agus

mainistreacha agus chultacha aifrinn agus mionn agus mórbhachall; ag foghail séad agus maoinithe d'éigsí agus d'ollúna agus d'aos gach dána; ag tabhairt tuarastail agus tíolacthaí do thréanríthe go bhfuair bás cuí comhrialaithe i gcionn seasca bliain buanaibhseach.

38. Conn Mór (+1493)

Conn mac Enrí a ghabh Ríghe Uladh tar éis a athar agus a bhí ag míniú gach móraicme; ag ceartú na gcríoch agus ag táthú na dtuath agus na dtreabh agus na dteallach; ag dáil séad agus maoinithe d'éigsí agus d'ollúna agus d'aos gach dána olcheana go ceann naoi mbliana gur tochraíodh lena dhearbhfhine féin i meabhail.

Clann Choinn mhic Enrí, .i. Art Óg agus Seán, Toirrdhealbhach agus Conn, Brian agus Aodh Balbh.

39. Enrí Óg (+1498)

Enrí Óg a ghabh an ríghe iar marú Choinn mhic Enrí agus chaith cúig bliana sa ríghe.

40. Domhnall m. Enrí (+1509)

Domhnall mac Enrí a ghabh an ríghe iar sin go ceann aon bhliana déag.

41. Art m. Aodha (+1514)

Art mac Aodha a ghabh an ríghe tar éis Dhomhnaill mhic Enrí agus chaith ceithre bliana go leith sa ríghe go rathúil rianúil.

42. Art Óg (+1519)

Art Óg mac Choinn mhic Enrí mhic Eoghain a ghabh Ríghe Uladh go socair séanúil iar gceartú coigríoch agus iar ndícheann a naimhde agus iar scriosadh méirleach agus bithbhineach; iar n-ionnarbadh danar agus díbhfeargach; iar gcosc foghla agus anchroí na n-iath agus na n-oirear; iar ndáil séad agus maoinithe d'éigsí agus d'ardollúna Éireann; fuair comhsonas socair síthiúil de réir airle iar gcaitheamh ceithre bliana go leith i lán-Ríghe Uladh.

43. Conn Bacach (+1559)

Conn Bacach mac Choinn mhic Enrí mhic Eoghain, bliain agus dá fhichead.

44. Seán an Díomais (+1567)

Seán mac Choinn mhic Choinn mhic Enrí mhic Eoghain a ghabh Ríghe Uladh go ceann ocht mbliana agus a maraíodh i mBun Abhann Doinne, 1567.

45. Toirrdhealbhach Luineach (+1595)

Toirrdhealbhach Luineach a ghabh tiarnas Thír Eoghain go ceann ocht mbliana fichead go bhfuair bás, *Anno Domini* 1595.

46. Aodh mac an Fhir Dhorcha (+1616)

Aodh mac an Fhir Dhorcha a ghabh ríghe gan fhreasúra ina dhiaidh sin, bliain is fiche ina Thiarna, ina Ó Néill, agus seacht mbliana ina Iarla tar éis Ó Néill a ghairm de.

Maidhm mórádhbhal le hAodh mac an Fhir Dhorcha an tan ba bharún é, ar Ó Néill, .i. Toirrdhealbhach Luineach mac Néill Chonallaigh, i mBéal Átha na dTrí Tobar.

Maidhm eile leis an Aodh céanna ar Mhac Mathghamhna, .i. Rosa Buidhe mac Airt mhic Bhriain i Samhadh Tighearnaigh.

Maidhm áitheasach eile le hAodh ar Ó Néill, .i. Toirrdhealbhach Luineach, idir Loch na nAireadh agus Machaire Loch Cubha, iar mbeith do Thoirrdhealbhach ocht gcéad déag Albanach agus dhá chéad déag Gallóglach ann.

Maidhm eile le hAodh ar Thoirrdhealbhach i Mullach Fighid.

Maidhm eile leis ar Chlann Sheáin Uí Néill i gCois Úna.

Maidhm eile leis ar Thoirrdhealbhach sa Charraigín, agus faoi cheann aimsire bige iar sin, gaireadh Iarla Thír Eoghain de.

Maidhm mhór eile leis ar Mharascál na hÉireann i gCluain Tiobrad agus deargár Saxanach a chur ann.

Maidhm eile leis i mBéal Átha na mBriosgadh ar Phléisionach dhá chúigeMumhan.

Maidhm eile leis in eaglais Chill Cluana ar Ghiúistís na hÉireann go mórshlua Gall uime, agus an Giúistís féin a thromloit sa treas sin. Iarla Chill Dara a maraíodh leis sa Phort Mhór an oíche roimh an mhaidhm sin.

Maidhm eile leis ar Ghiúistís na hÉireann i nDruim Fliuch, agus cuireadh an Giúistís féin dá chois go haimhdheonach ansin, gur ar thoradh a eiseamail a rug a mhuintir leo gan mharú é. Ciodh, níor tháinig gan díobháil ón iomargain sin, óir maraíodh mac Iarla Odoirbin uaidh maille le deargár a mhuinntire a chur.

Maidhm eile leis ar an Ghiuistís i bhFochard Muirtheimhne.

Maidhm eile leis ar shlua Gall i gCill Imhnín ina ndearna ár mór.

Maidhm na Dubhstáide leis ar Mharascál na hÉireann agus iomad caiptín agus daoine uasal a maraíodh ann gan áireamh ar shaighdiúirí.

Cath oirirc iomráiteach a chur ar Mharascál na hÉireann i mBéal an Átha Bhuidhe agus an Marascál féin ag titim ann agus Maolmórdha mac Sheáin Ruaidh, .i. mac Uí Raghallaigh.

Slógadh eile leis go Cionn tSáile agus tháinig forgla fhir Mhumhan ina cheann, agus thug siad a mbraighdeánaigh dó, .i. Maolmórdha Runaidh mac Chormaic, Tiarna Mhúsgraidhe, agus an dá Mhag Carrthaigh, agus Ó Súilleamháin, agus an Ridire Fionn, agus an Ridire Donn, agus Mac Muiris Chiarraí agus Ó Caoimh agus Ó Madaidh agus Ó Ceallacháin agus an Róisteach agus an Barrach Mór agus d'fhill sé roimhe go hUlaidh iaramh.

Bhí sé trí seachtaine i bhfoslongfort ag Loch Reamhar na Bréifne, agus áir agus argain agus éadála na Midhe go hÁth Luain agus Fhine Gall ag teacht chuige ansin.